

TAISTEAL SA SPEIR

Paraic Ó Gaoithin

D'fhagас slan ag mo chairde go leir. Thugas mo chul dos na Beanna Beola, chuaigheas tre chatair na Gaillimhe agus as sin go dti Aerphort na Sionnaíne. An mhaidin ina dhiaidh sin bhi me le bheith i Nua-Eabhrach. Fuaireas mo thicead agus mo mhala reidh agus fuaireas amach cen t-am a raibh an t-eiteallan ag seoladh. Bhi uair a chloig eile orm. Chuaigh me isteach sa seomra sgithe agus cuireas aithne ar roinnt daoine eile a bhi ag dul go Nua-Eabhrach agus go Boston ar an eiteallan cheanna liom. Bhi ceol agus amhrain ag teacht as gach cuinne de reir mar a bhi an t-am dha chaitheamh, bhi cuid acu ag gaird agus cuid acu ag caoine, ach idir iad ar fad thoigfheadh siad an bron do chroi. Thainig a deich a chlog agus fograoidh ar na paisinearai fail reidh. Bhi an seomra ina ruille-buille dha-rire an uair sin chuile dhuine ag iarraidh laimh a chraitheamh le na dhuine fhein ach mo lean nior gha dhoibh deifir ar bith a bheith orthu mar thainig fogra eile a ra go raibh an t-eiteallan coinnith siar uair a chloig.

Thainig an uair sin agus uair agus uair eile ach níor thainig an t-eiteallan againne. An chead tuairisc eile a fuair muid go raibh ait codhladhta faichte dhuinn i Luimneach. Ag a ceathair a chlog ar maidin bhi muid i Luimneach, ag a seacht a chlog bhi muid ar ais ag an Aerphort ach ní raibh aon eiteallan fos againn. Bhi go maith is ní raibh go holc; bhi an sgeal mar sin againn go mean-lae. Ar aon nos bhi fhios againn go raibh muid sabhailte an fhad is a bhi muid ar an talamh.

Sa deire thiar thall thainig sí ag eiteall isteach ag leath-uair thar-eis an do-dheag. Cuireadh ar bord muid ba ghearr go raibh gach rud ina ait fhein agus na cheithre liaín mhóra ag dul thimpeall go trean. Níos treine aris agus siud chun bothair i. Chroch sí suas gan marach agus bhi radharc aluinn againn ar Chondae an Chlair agus Oileáin Aran. Nil aon difriocht san eiteallan